2025/2568

15.12.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2568 ÓN gCOMHAIRLE

an 15 Nollaig 2025

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2024/2642 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/2642 ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2024 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise ([1]), agus go háirithe Airteagal 13(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 8 Deireadh Fómhair 2024, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2024/2642.

(2) An 18 Iúil 2025, d'fhoilsigh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') ráiteas thar ceann an Aontais inar cháin sí go láidir na gníomhaíochtaí mailíseacha leanúnacha atá ar bun ag an Rúis, ar cuid iad d'fheachtais hibrideacha níos leithne, ar feachtais chomhordaithe sheanbhunaithe iad atá dírithe ar shlándáil, athléimneacht agus fondúireachtaí daonlathacha an Aontais, a Bhallstát agus a chomhpháirtithe a chur i mbaol agus an bonn a bhaint díobh. Chuir an tArdionadaí i dtreis gur ag dul in olcas, ó thosaigh an cogadh foghach ar an Úcráin, a bhí na gníomhaíochtaí mailíseacha a bhí á ndéanamh ag an Rúis, agus gur rídhócha go leanfaidh siad ar aghaidh go ceann i bhfad.

(3) Tá an tAontas fós diongbháilte i gcónaí agus gníomhaíochtaí mailíseacha na Rúise atá dírithe ar an Aontas, ar a Bhallstáit, ar eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ar thríú tíortha á gcáineadh aige.

(4) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, measann an Chomhairle gur cheart 12 dhuine nádúrtha agus dhá eintiteas a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2642.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2024/2642 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2642 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Nollaig 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

([1]) IO L, 2024/2642, 9.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2642/oj.

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2642 mar a leanas:

(1) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas léi faoin gceannteideal ‘A. Daoine nádúrtha’:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
‘48.	John Mark DOUGAN	Post: iar-leas-sirriam in Florida Dáta breithe: 15.12.1976 Áit bhreithe: Wilmington, Delaware, Stáit Aontaithe Mheiriceá Náisiúntacht: Meiriceánach, Rúiseach Inscne: fireann	Is iar-leas-sirriam in Florida é John Dougan, a theith go dtí an Rúis in 2016. Cuirtear ina leith go poiblí go raibh sé rannpháirteach in oibríochtaí faisnéise digití arna ndéanamh ó Mhoscó ar son na Creimile trí líonra CopyCop de shuíomhanna gréasáin bréagnuachta a oibriú agus trí thacú le gníomhaíochtaí Storm-1516. Déanann na suíomhanna gréasáin neamh-bharántúla aithris ar eagraíochtaí dlisteanacha sna meáin agus scaipeann siad scéalta bréagacha agus ábhar domhainbhrionnaithe a ghintear leis an intleacht shaorga. De réir tuarascálacha ó údaráis an Iarthair agus foinsí imscrúdaitheacha neamhspleácha, tá nasc ag gníomhaíochtaí Dougan le gníomhaireacht faisnéise míleata na Rúise (GRU) agus leis an Center for Geopolitical Expertise, meitheal mhachnaimh atá lonnaithe i Moscó, rud a thugann le fios go bhfaigheann sé tacaíocht agus treoir ón Rúis chun tionchar a imirt ar thoghcháin, míchlú a tharraingt ar phearsana polaitiúla, agus ionramháil a dhéanamh ar an dioscúrsa poiblí i dtíortha an Iarthair. Dá bhrí sin, tá John Dougan freagrach as gníomhaíochtaí nó beartais atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise a chur chun feidhme, nó as tacú leo nó as tairbhe a bhaint astu, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn ó dhaonlathas, smacht reachta, cobhsaíocht nó slándáil san Aontas agus i dtríú tíortha, nó ar bagairt iad ar an méid sin, tríd an úsáid a bhaintear as an ionramháil agus an cur isteach ar fhaisnéis a phleanáil, a stiúradh, trí pháirt dhíreach nó indíreach a ghlacadh inti, trí thacú léi nó trína héascú.	15.12.2025

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
49.	Andrey Andreievich SUSHENTSOV (Rúisis: Андрей Андреевич СУШЕНЦОВ)	Post: Stiúrthóir ar an Institute for International Studies (IIS) (an Institiúid um Staidéar Idirnáisiúnta), sa Moscow State Institute of International Relations (MGIMO University) (Institiúid Stáit Mhoscó um an gCaidreamh Idirnáisiúnta) – acadamh taidhleoireachta faoi Aireacht Gnóthaí Eachtracha Chónaidhm na Rúise; Stiúrthóir Cláir Valdai Discussion Club (Cumann Plé Valdai); comhalta den Council on Foreign and Defence Policy (SVOP) (an Chomhairle um an mBeartas Eachtrach agus Cosanta); tráchtaire rialta i meáin stáit na Rúise agus údar do *Russia in Global Affairs* agus foilseacháin eile atá ailínithe leis an gCreimil. Dáta breithe: 8.6.1983 Áit bhreithe: Orenburg, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann UAC: 400407010797	Tá Andrey Sushentsov ar cheann de phríomh-idé-eolaithe beartais eachtraigh na Rúise atá ag obair i gcóras acadúil agus meithleacha machnaimh an stáit. Tá an institiúid atá faoina stiúir (IIS MGIMO) freagrach go díreach d'Aireacht Gnóthaí Eachtracha na Rúise agus tá sí comhtháite go dlúth le struchtúir taidhleoireachta agus pleanála straitéisí. Bíonn Sushentsov le feiceáil go rialta sna meáin Rúiseacha agus idirnáisiúnta, agus cruinneshamhail na Rúise ó thaobh an bheartais eachraigh de á cur i láthair aige i gcomhréir le teachtaireachtaí na Creimile. Cuireann sé na hinsintí seo a leanas chun cinn go seasta ina chuid tráchtaireachta: is é an tIarthar a spreag an choinbhleacht san Úcráin trí ECAT a leathnú agus slándáil na Rúise a chur i mbaol; is gníomhaíochtaí cosantacha iad gníomhaíochtaí na Rúise agus is é is aidhm dóibh "cothromaíocht straitéiseach" a athbhunú sa chóras idirnáisiúnta; tá an "t-ord domhanda aonpholach" faoi stiúir na Stát Aontaithe ag titim as a chéile, agus tá domhan ilpholach níos cothroime á thógáil ag an Rúis, in éineacht leis an tSín agus an "Domhan Theas"; agus tá smachtbhannaí an Iarthair neamhdhlisteanach agus féinscriosach, agus úsáidtear mar uirlisí comhéigin iad i gcoinne stáit cheannasacha. Is minic a dhéanann sé ionadaíocht ar dhearcadh na Rúise ag painéil Valdai ar a mbíonn an tUachtarán Putin agus oifigigh shinsearacha ag freastal, agus é ag feidhmiú mar eagraí agus mar urlabhraí do theachtaireachtaí atá formheasta ag an gCreimil. Dá bhrí sin, tá Andrey Sushentsov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise lena mbaintear an bonn ón daonlathas, ón smacht reachta, ón gcobhsaíocht nó ón tslándáil san Aontas nó i roinnt dá Bhallstáit, in eagraíocht idirnáisiúnta nó i dtríú tír, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin, nó lena mbaintear an bonn ó cheannasacht nó neamhspleáchas tríú tír (an Úcráin), nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin, trí thacú le húsáid na hionramhála faiséise agus cur isteach ar fhaisnéis, nó trína n-éascú ar bhealach eile.	15.12.2025

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
50.	Dmitry Vyacheslavovich SUSLOV (Rúisis: Дмитрий Вячеславович Суслов)	Post: Leas-Stiúrthóir, Centre for Comprehensive European and International Studies (CCEIS) (an Lárionad um Staidéar Cuimsitheach Eorpach agus Idirnáisiúnta), Higher School of Economics (HSE University) (Ardscoil na hEacnamaíochta), Moscó; Leas-Stiúrthóir na gClár Taighde ag an Council on Foreign and Defence Policy (an Chomhairle um an mBeartas Eachtrach agus Cosanta) (SVOP); saineolaí agus cainteoir rialta ag Valdai Discussion Club (Cumann Plé Valdai); scríbhneoir le *Russia in Global Affairs* agus foilseacháin eile atá ailínithe leis an gCreimil. Dáta breithe: 15.2.1979 Áit bhreithe: Leningrad, APSS (Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is anailísí beartais eachtraigh Rúiseach é Dmitry Suslov, agus é leabaithe in institiúidí a bhfuil dlúthbhaint acu le beartas agus gaireas cumarsáide na Creimile. Trína róil in Ardscoil na hEacnamaíochta, sa Chomhairle um an mBeartas Eachtrach agus Cosanta, agus i gCumann Plé Valdai, glacann sé páirt go rialta i bplé ardleibhéil lena múnlaítear agus lena scaiptear insintí beartais eachtraigh na Rúise. Is minic a bhíonn sé le feiceáil, ina cháil mar “saineolaí neamhspleách”, i meáin stáit na Rúise agus sna meáin idirnáisiúnta, mar a gcuireann sé tuairimí chun cinn atá comhsheasmhach le hinsintí oifigiúla na Creimile: tugann sé le fios gurb iad ECAT agus na Stáit Aontaithe atá freagrach as an gcogadh san Úcráin a spreagadh, pléann sé tacaíocht mhíleata an Iarthair do Chív amhail is gur “géarú” nó “rannpháirtíocht dhíreach” sa chogadh a bhí inti, agus cosnaíonn sé gníomhaíochtaí comhéigneacha na Rúise mar fhreagairtí cosanta nó dosheachanta ar iompar bagrach an Iarthair. In 2024, mhol Suslov go poiblí gur cheart don Rúis machnamh ar “phléascadh núicléach léiritheach” chun “contúirtí an chogaidh núicléach a mheabhrú don Iarthar”, ráiteas a thuairiscigh Reuters agus eagraíochtaí eile sna meáin. Trí ráitis dá leithéid, déantar normalú ar choincheap na comharthaíochta agus an chomhéigin núicléach, rud a chuireann le hatmaisféar an imeaglaithe a bhaineann le beartas cogaidh na Rúise. Dá bhrí sin, tá Dmitry Suslov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise lena mbaintear an bonn ón daonlathas, ón smacht reachta, ón gcobhsaíocht nó ón tslándáil san Aontas nó i roinnt dá Bhallstáit, in eagraíocht idirnáisiúnta, nó i dtríú tír, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin, nó lena mbaintear an bonn ó cheannasacht nó neamhspleáchas tríú tír (an Úcráin), nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin, trí thacú le húsáid na hionramhála faisnéise agus cur isteach ar fhaisnéis, nó trína héascú ar bhealach eile, agus trí choinbhleacht fhoréigneacha ghríosú nó a éascú i dtríú tír.	15.12.2025

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2568/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
51.	Fyodor Aleksandrovich LUKYANOV (Rúisis: Фёдор Александрович Лукьянов)	Post: iriseoir, láithreoir teilifíse agus eolaí polaitiúil; Príomheagarthóir *Russia in Global Affairs;* Stiúrthóir Taighde an Valdai Discussion Club (Cumann Plé Valdai); comhalta den Russian International Affairs Council (RIAC) (Comhairle Gnóthaí Idirnáisiúnta na Rúise) Dáta breithe: 1.2.1967 Áit bhreithe: Moscó, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is anailísí polaitiúil, tráchtaire beartais eachtraigh agus acadóir Rúiseach mór le rá é Fyodor Lukyanov, a bhfuil dlúthbhaint aige le meithleacha machnaimh atá cleamhnaithe leis an gCreimil. Is é Príomheagarthóir *Russia in Global Affairs* é, ceann de na hirisí beartais eachtraigh is mó tionchar sa Rúis, agus feidhmíonn sé mar Stiúrthóir Taighde Chumann Plé Valdai, ardán a bhfuil nasc láidir aige le ceannaireacht na Rúise agus a úsáidtear go minic chun insintí oifigiúla a chur chun cinn. Is comhalta é freisin de Chomhairle Gnóthaí Idirnáisiúnta na Rúise (RIAC) agus is minic a dhéanann sé modhnóireacht ar sheisiúin leis an Uachtarán Vladimir Putin ag fóraim Valdai. Trína chuid scríbhneoireachta, agallamh agus cainteanna poiblí, cuireann sé go seasta le bolscaireacht na Creimile, agus cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin á léiriú aige mar fhreagairt chosantach ar bheartais an Iarthair. Cuireann sé an milleán arís agus arís eile ar an Aontas, ar ECAT agus ar na Stáit Aontaithe as an gcoinbhleacht a “ghríosú”, cuireann sé síos ar an Úcráin mar sheachstát de chuid an Iarthair seachas mar stát ceannasach, agus maíonn sé go bhfuil údar le gníomhaíochtaí míleata na Rúise, óir tá siad “riachtanach” chun leathnú ECAT a chosc. Is minic a luaitear a chuid argóintí sna meáin atá ar son na Creimile agus téann siad i bhfeidhm ar an gcreat intleachtúil a úsáidtear chun fogha na Rúise a dhlisteanú. Is ceannaire tábhachtach tuairimíochta é a thugann cumhdach idé-eolaíoch d’fhogha na Rúise. Tacaíonn a chuid oibre in Valdai agus in *Russia in Global Affairs* go díreach le hinsintí bheartas eachtrach na Creimile thar lear. Rannchuidíonn sé le feachtais chórasacha bhréagaisnéise a chuireann an milleán as an gcogadh ar an Úcráin agus an tIarthar. Dá bhrí sin, tá Fyodor Lukyanov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise lena mbaintear an bonn ón daonlathas, ón smacht reachta, ón gcobhsaíocht nó ón tslándáil i dtríú tír, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin, nó lena mbaintear an bonn ó cheannasacht nó neamhspleáchas tríú tír (an Úcráin), nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin, trí thacú le húsáid na hionramhála faisnéise agus cur isteach ar fhaisnéis, nó trína héascú ar bhealach eile, agus trí choinbhleacht fhoréigneach a ghríosú i dtríú tír.	15.12.2025

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
52.	Ivan Nikolaevich TIMOFEEV	Post: eolaí polaitiúil, anailísí beartais eachtraigh agus straitéisí beartais; Ard-Stiúrthóir an Russian International Affairs Council (RIAC) (Comhairle Gnóthaí Idirnáisiúnta na Rúise); Stiúrthóir Cláir ar an Valdai Discussion Club (Cumann Plé Valdai) Dáta breithe: 1983 Áit bhreithe: APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is eolaí polaitiúil agus anailísí beartais eachtraigh mór le rá ón Rúis é Ivan Timofeev, a bhfuil dlúthbhaint aige le hinstitiúidí atá ailínithe leis an gCreimil. Feidhmíonn sé mar Ard-Stiúrthóir ar Chomhairle Gnóthaí Idirnáisiúnta na Rúise (RIAC) - eagraíocht a bhunaigh Aireacht Gnóthaí Eachtracha na Rúise - agus mar Stiúrthóir Cláir Chumann Plé Valdai, ardán ardphróifíle a úsáideann ceannaireacht na Rúise, lena n-áirítear an tUachtarán Vladimir Putin, chun insintí oifigiúla stáit a chur chun cinn i measc an phobail sa Rúis féin agus go hidirnáisiúnta. Is minic a scríobhann Timofeev do *Russia in Global Affairs* freisin agus is tráchtaire é sna meáin stáit, TASS agus Izvestia, mar shampla. Trína chuid scríbhneoireachta agus agallamh, agus trí pháirt a ghlacadh i bhfóraim Valdai, cuireann Timofeev go seasta le bolscaireacht na Creimile. Léiríonn sé ionradh na Rúise ar an Úcráin mar fhreagairt chosantach ar ghríosú an Iarthair, cuireann sé síos ar an Úcráin mar “seachstát” de chuid an Iarthair, agus cuireann sé an milleán ar na Stáit Aontaithe agus ECAT as an gcoinbhleacht a ghéarú. Ina chuid anailíse, is minic a dhéanann sé fogha míleata na Rúise a dhlisteanú agus an choimhlint leis an Iarthar a normalú, agus míchlú á tharraingt aige ar smachtbhannaí an Iarthair, ar gníomhartha naimhdis iad, dar leis. Dá bhrí sin, tá Ivan Timofeev freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise lena mbaintear an bonn ón daonlathas, ón smacht reachta, ón gcobhsaíocht nó ón tslándáil i dtríú tír (an Úcráin), nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin, nó lena mbaintear an bonn ó cheannasacht nó neamhspleáchas tríú tír (an Úcráin), nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin, trí thacú le húsáid na hionramhála faisnéise agus cur isteach ar fhaisnéis, nó trína héascú ar bhealach eile.	15.12.2025

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2568/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
53.	Andrey Georgievich BYSTRITSKYI (Rúisis: Андрей Георгиевич БЫСТРИЦКИЙ)	Post: iriseoir, bainisteoir meán, acadóir agus feidhmeannach meithle machnaimh; Cathaoirleach Bhord Valdai Discussion Club Foundation (Fondúireacht Chumann Plé Valdai) Dáta breithe: 21.7.1960 Áit bhreithe: Moscó, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Tugann ról ceannaireachta Andrei Bystritskyi san fhondúireacht agus a chúlra meán/acadúil le fios go dtacaíonn sé go gníomhach le hinsint oifigiúil na Rúise maidir leis an gcaidreamh idirnáisiúnta, rialú na meán agus ról na Rúise i ngnóthaí domhanda agus go scaipeann sé an insint sin. Úsáidtear Cumann Valdai mar uirlis taidhleoireachta poiblí agus cumhachta boige na Rúise; tríd an gcomhlacht sin a bhainistiú, cuireann Andrei Bystritskyi le cumadh agus scaipeadh insint an stáit. Mar dhéan ar dhámh mhór ollscoile (cumarsáid/na meáin) agus mar bhainisteoir meán a bhfuil taithí na mblianta aige, tá sé in ann curaclaim, taighde agus dioscúrsa poiblí a mhúnlú a mhéid a bhaineann leis na meáin, cumarsáid agus insintí stáit – rud a d'fhéadfadh cabhrú le feachtais chomhordaithe faisnéise nó cur isteach. Léiríonn an méid a deir sé agus na hóráidí uaidh insintí taidhleoireachta na Rúise agus cuirtear chun cinn iad – mar shampla insintí faoi dhomhan ilpholach nó faoin Domhan Theas ag comhoibriú leis an Rúis, rud a thagann le teachtaireachtaí straitéiseacha na Creimile. Tá Andrei Bystritskyi freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise lena mbaintear an bonn den daonlathas, smacht reachta, cobhsaíocht agus slándáil san Aontas nó i gceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit nó i dtríú tír (an Úcráin), nó ar bagairt iad ar an méid sin, trí thacú le húsáid na hionramhála faisnéise agus cur isteach ar fhaisnéis nó trína héascú.	15.12.2025

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
54.	Vladislav Yevgenevich BOROVKOV (Rúisis: Владислав Евгеньевич БОРОВКОВ)	Post: oifigeach (Leifteanant Sinsearach) in GRU, Aonad 29155 Dáta breithe: 7.10.1997 Áit bhreithe: Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is comhalta de GRU (gníomhaireacht faisnéise míleata na Rúise), Aonad 29155, é Vladislav Borovkov agus is comhalta den chibirghníomhaí Cadet Blizzard é freisin. D'oibrigh Borovkov i gcomhar le comhaltaí eile de chuid Cadet Blizzard. Thairis sin, idir mí na Nollag 2020 agus mí Lúnasa 2024, ghlac Borovkov páirt i gcibirionsaithe ar eagraíochtaí rialtais san Úcráin. D'úsáid Cadet Blizzard bogearraí mailíseacha díothúcháin WhisperGate ar na córais lagaithe, rud a rinne cuid mhór damáiste do chórais na hÚcráine. Ina theannta sin, dhírigh an grúpa freisin ar Bhallstáit an Aontais agus comhaltaí de ECAT agus é mar aidhm acu faisnéis íogair a fháil agus a staid pholaitiúil a dhíchobhsú. Dá bhrí sin, tá Vladislav Borovkov freagrach as gníomhaíochtaí nó beartais atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise a chur chun feidhme lena mbaintear an bonn den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas, i roinnt dá Bhallstáit, in ECAT agus san Úcráin, nó dá gceannasacht, nó freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais ar bagairt iad ar an méid sin, trí ghníomhaíochtaí a dhéanamh atá dírithe ar fheidhmiú seirbhísí leasa phoiblí, nó arb é is aidhm dóibh dochar a dhéanamh dá mbonneagar criticiúil nó é a scriosadh trí chibirghníomhaíochtaí mailíseacha. Is duine é freisin a bhfuil baint aige leis an eintiteas GRU Aonad 29155.	15.12.2025

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2568/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
55.	Denis Igorevich DENISENKO (Rúisis: Денис Игоревич ДЕНИСЕНКО)	Post: oifigeach in GRU Aonad 29155 Dáta breithe: 14.5.1997 Áit bhreithe: Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is comhalta de GRU (gníomhaireacht gaisnéise míleata na Rúise), Aonad 29155, é Denis Denisenko agus is comhalta den chibirghníomhaí Cadet Blizzard é freisin. D'oibrigh Denis Igorevich Denisenko i gcomhar le comhaltaí eile de chuid Cadet Blizzard. Thairis sin, idir mí na Nollag 2020 agus mí Lúnasa 2024, ghlac Denis Igorevich Denisenko páirt i gcibirionsaithe ar eagraíochtaí rialtais san Úcráin. D'úsáid Cadet Blizzard bogearraí mailíseacha díothúcháin WhisperGate ar na córais lagaithe, rud a rinne cuid mhór damáiste do chórais na hÚcráine. Ina theannta sin, dhírigh an grúpa freisin ar Bhallstáit an Aontais agus ar chomhaltaí de ECAT agus é mar aidhm acu faisnéis íogair a fháil agus a staid pholaitiúil a dhíchobhsú. Dá bhrí sin, tá Denis Denisenko freagrach as gníomhaíochtaí nó beartais atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise a chur chun feidhme lena mbaintear an bonn den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas, i roinnt dá Bhallstáit, in ECAT agus i dtríú tír (an Úcráin), nó dá gceannasacht, nó freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais ar bagairt iad ar an méid sin, trí ghníomhaíochtaí a dhéanamh atá dírithe ar fheidhmiú seirbhísí leasa phoiblí, nó arb é is aidhm dóibh dochar a dhéanamh dá mbonneagar criticiúil nó é a scriosadh trí chibirghníomhaíochtaí mailíseacha. Is duine é freisin a bhfuil baint aige leis an eintiteas GRU Aonad 29155.	15.12.2025

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
56.	Dmitry Iurevich GOLOSHUBOV (Rúisis: Дмитрий Юрьевич ГОЛОШУБОВ)	Post: oifigeach in GRU Aonad 29155 Dáta breithe: 10.10.1998 Áit bhreithe: Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is comhalta de GRU (gníomhaireacht faisnéise míleata na Rúise), Aonad 29155, é Dmitry Goloshubov agus is comhalta den chibirghníomhaí Cadet Blizzard é freisin. D'oibrigh Dmitriy Yuryevich Goloshubov i gcomhar le comhaltaí eile de chuid Cadet Blizzard. Thairis sin, idir mí na Nollag 2020 agus mí Lúnasa 2024, ghlac Dmitriy Yuryevich Goloshubov páirt i gcibirionsaithe ar eagraíochtaí rialtais san Úcráin. D'úsáid Cadet Blizzard bogearraí mailíseacha díothúcháin WhisperGate ar na córais lagaithe, rud a rinne cuid mhór damáiste do chórais na hÚcráine. Ina theannta sin, dhírigh an grúpa freisin ar Bhallstáit an Aontais agus ar chomhaltaí de ECAT agus é mar aidhm acu faisnéis íogair a fháil agus a staid pholaitiúil a dhíchobhsú. Dá bhrí sin, tá Dmitriy Goloshubov freagrach as gníomhaíochtaí nó beartais atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise a chur chun feidhme lena mbaintear an bonn den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas, i roinnt dá Bhallstáit, in ECAT agus i dtríú tír (an Úcráin), nó dá gceannasacht, nó freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais ar bagairt iad ar an méid sin, trí ghníomhaíochtaí a dhéanamh atá dírithe ar fheidhmiú seirbhísí leasa phoiblí, nó arb é is aidhm dóibh dochar a dhéanamh dá mbonneagar criticiúil nó é a scriosadh trí chibirghníomhaíochtaí mailíseacha. Is duine é freisin a bhfuil baint aige leis an eintiteas GRU Aonad 29155.	15.12.2025

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2568/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
57.	Jacques BAUD	Post: iarchoirnéal in arm na hEilvéise; iar-anailísí straitéiseach, speisialtóir faisnéise agus sceimhlitheoireachta. Dáta breithe: 1.4.1955 Náisiúntacht: Eilvéiseach Inscne: fireann	Bíonn Jacques Baud, iarchoirnéal in airm na hEilvéise agus anailísí straitéiseach, mar aoi go rialta ar chláir theilifíse agus raidió atá ar son na Rúise. Is bolscaire ar son na Rúise é agus cruthaíonn sé teoiricí comhcheilge, mar shampla ag cur i leith na hÚcráine go raibh sí féin taobh thiar den ionradh a rinneadh uirthi chun go rachadh sí isteach in ECAT. Tá Jacques Baud freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí nó beartais atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise lena mbaintear an bonn den chobhsaíocht nó slándáil i dtríú tír (an Úcráin), nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin, a chur chun feidhme nó as tacú leo, trí úsáid na hionramhála faisnéise agus cur isteach ar fhaisnéis.	15.12.2025
58.	Xavier MOREAU	Post: iaroifigeach míleata agus fear gnó Franc-Rúiseach; bunaitheoir shuíomh gréasáin Stratpol Dáta breithe: 25.10.1971 Náisiúntacht: Francach Inscne: fireann	Is fear gnó agus bunaitheoir shuíomh gréasáin Stratpol é Xavier Moreau, agus is iaroifigeach míleata é. Is bolscaire ar son na Rúise agus ar son na Creimile é, scaipeann sé teoiricí comhcheilge faoin ionradh a rinne an Rúis ar an Úcráin, mar shampla ag cur i leith na hÚcráine go raibh sí féin taobh thiar den ionradh a rinneadh uirthi chun go rachadh sí isteach in ECAT. Tá Xavier Moreau freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí nó beartais atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise lena mbaintear an bonn den chobhsaíocht nó slándáil i dtríú tír (an Úcráin), nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin, a chur chun feidhme nó as tacú leo, trí úsáid na hionramhála faisnéise agus cur isteach ar fhaisnéis.	15.12.2025

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
59.	Diana Vitaliivna PANCHENKO (Úcráinis: Діана Віталіївна ПАНЧЕНКО) (Rúisis: Диана Витальевна ПАНЧЕНКО)	Dáta breithe: 21.5.1988 Áit bhreithe: Mykolaïv, PSS na hÚcráine (an Úcráin anois) Náisiúntacht: Úcránach, Rúiseach Inscne: baineann	Is iriseoir agus bolscaire í Diana Panchenko a rugadh san Úcráin. Cumann sí insintí in aghaidh na hÚcráine, ar son na Rúise agus in aghaidh ECAT, agus scaipeann sí iad. Sna físeáin a chuireann sí amach, déanann sí aithris d'aon ghnó ar fhormáidí craolta nuachta, chun insintí na Creimile a dhlisteanú. Déanann sí ionramháil ar fhaisnéis chun údaráis na hÚcráine a léiriú mar "Naitsithe" agus cuireann sí ina leith go bhfuil feall á dhéanamh acu ar a muintir féin, agus tugann sí údar, ag an am céanna, le fogha míleata agus le coireanna míleata na Rúise. Rinneadh cuid dá saothar i réigiúin na hÚcráine atá faoi fhorghabháil (lena n-áirítear Mariupol agus Donetsk), agus dar le Seirbhís Slándála na hÚcráine gur ionann é agus bolscaireacht a thugann údar le coireanna cogaidh. Craoladh a cuid oibre ar theilifíseáin san Úcráin fad a bhí cibirionsaí á dhéanamh ag an Rúis a chuir isteach ar an gclársceidealú teilifíse. Cuireann Diana Panchenko le reitric chomhcheilge in aghaidh na hÚcráine ar a cainéal Telegram (402k síntiúsóir) agus ar X (148k leantóir). Ar a cuntas X, déanann sí iarracht a lucht léitheoireachta Béarla a mhéadú trí úsáid a bhaint as ábhar clicmheallta agus gníomhaíocht nach bhfuil fíor agus trí chuntais ar son na Rúise a chur chun cinn. Tá Diana Panchenko freagrach, dá bhrí sin, as gníomhaíochtaí nó beartais atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise lena mbaintear an bonn den chobhsaíocht nó slándáil i dtríú tír (an Úcráin), nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin, a chur chun feidhme nó as tacú leo, úsáid na hionramhála faisnéise agus cur isteach ar fhaisnéis.	15.12.2025';

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2568/oj

(2) cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas faoin gceannteideal ‘B. Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí’:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
‘16.	142nd Separate Electronic Warfare Battalion (142ú Cathlán Cogaíochta Leictreonaí ar Leithligh) 142-й батальон радиоэлектронной борьбы 142-й батальон РЭБ 142-й отдельный батальон радиоэлектронной борьбы	236000, Posyolok Kumachevo, réigiún Kaliningrad, Cónaidhm na Rúise	Is cuid den chogaíocht leictreonach é an 142nd Separate Electronic Warfare Battalion (142ú Cathlán Cogaíochta Leictreonaí ar Leithligh), atá lonnaithe i réigiún Kaliningrad, agus tá ról tábhachtach aige maidir le slándáil agus cosaint an réigiúin a áirithiú. Tá an cathlán freagrach as teicneolaíocht a úsáid chun dí-eagrú a dhéanamh ar aon chóras cumarsáide gearrthoinne, as cleachtaí leictreonacha cogaíochta a dhéanamh chun cur isteach ar loingseoireacht namhad agus ar chumarsáid raidió agus as eolas faisnéise a bhailiú agus a anailísiú, arb eolas é a fhaightear trí radaíocht leictreamaighnéadach a bhreathnú sna raonta tonnta gearra agus ultraghearra. Bhí roinnt tíortha Eorpacha thíos le teipeanna comharthaí GPS le déanaí, ar luadh gníomhaíochtaí cogaíochta leictreonaí na Rúise mar chúis leo, go háirithe gníomhaíochtaí arna ndéanamh ó Kaliningrad. Áirítear leis sin trasnaíocht d’aon ghnó agus “spúáil” comharthaí GPS, a théann i bhfeidhm ar na Stáit Bhaltacha go háirithe. Mar thoradh ar thrasnaíocht agus ionramháil comharthaí GPS, cuireadh bac ar thuirlingt eitleán sibhialta. Fuair an 142ú Cathlán Cogaíochta Leictreonaí ar Leithligh in Kaliningrad trealamh trasnaíochta agus rinne sé freachnaimh inar baineadh úsáid as ardchórais lena bhféadtar cur isteach ar chumarsáid thar limistéir mhóra. Dá bhrí sin, tá an 142ú Cathlán Cogaíochta Leictreonaí ar Leithligh, mar chuid d’fhórsaí míleata na Rúise, trína chur ar chumas oibreoirí mí-úsáid a bhaint as an earnáil radaimhinicíochta, freagrach as gníomhaíochtaí nó beartais atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise lena mbaintear an bonn den chobhsaíocht nó den tslándáil nó den cheannasacht i mBallstáit an Aontais, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin, trí páirt a ghlacadh, go díreach nó go hindíreach, san úsáid a bhaintear as an ionramháil agus an cur isteach ar fhaisnéis nó gníomhaíochtaí dar cuspóir cur isteach ar bhonneagar criticiúil, nó dochar a dhéanamh dó nó é a scriosadh, trí chibirghníomhaíochtaí mailíseacha mar chuid de ghníomhaíochtaí hibrideacha, nó trí thacú leis an úsáid sin nó trína héascú ar bhealach eile.	15.12.2025

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
17.	International Russophile Movement (An Ghluaiseacht Idirnáisiúnta Rúisbhách) (Rúisis: Международное движение русофилов) (Fraincis: Mouvement International Russophile)		Is gluaiseacht í atá freagrach as cur leis na hinsintí díchobhsaitheacha ar fud an domhain, thar ceann Rialtas Chónaidhm na Rúise. Tá naisc láidre ag an ngluaiseacht le hAireacht Gnóthaí Eachtracha na Rúise, a fhaigheann moladh as a gcuid oibre. Thug Aire Gnóthaí Eachtracha na Rúise, Sergey Lavrov, eochairóráidí ag cruinnithe comhdhála na gluaiseachta. Tá baint ag an ngluaiseacht freisin le Aleksandr Dugin, idé-eolaí sinsearach sa Chreimil, agus le Konstantin Malofeev, an t-olagarc meán. Úsáideann Rialtas Chónaidhm na Rúise an ghluaiseacht mar chlúdach chun tuairimí an phobail i dtíortha eile a ionramháil, meon frith-Iarthair a chur chun cinn agus pointí labhartha eile na Creimile a chur in iúl. Dá bhrí sin, tá an Ghluaiseacht Idirnáisiúnta Rúisbhách ag cur gníomhaíochtaí chun feidhme, nó ag tacú leo, atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise lena mbaintear an bonn den chobhsaíocht nó den tslándáil san Aontas nó i dtríú tír (an Úcráin) nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, trí pháirt a ghlacadh, go díreach nó go hindíreach, san úsáid a bhaintear as an ionramháil agus an cur isteach ar fhaisnéis, nó trí thacú leis an úsáid sin nó trína héascú ar bhealach eile.	15.12.2025’.

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2568/oj